BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

18 Nollaig 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Cinneadh an Bhallstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 29(1) – Teorainn ama le haghaidh aistriú – Túsphointe na tréimhse 6 mhí a chinneadh – Achomharc breithiúnach a bhfuil éifeacht fionraíochta aige a chur isteach – Fíoras nua a chuirtear faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh a éisteann an t-achomharc sin – Neamhniú an chinnidh aistrithe tosaigh agus tarchur an cháis ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil – Glacadh an dara cinneadh aistrithe atá faoi réir caingean le haghaidh neamhniú freisin – Éifeacht ar ríomh na tréimhse aistrithe)

I gCás C-560/23 [Tang] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Flygtningenævnet (an Coimisiún um Dhídeanaithe, an Danmhairg), trí bhreith an 8 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 8 Meán Fómhair 2023, sna himeachtaí

H (ved DRC Dansk Flygtningehjælp)

v

Udlændingestyrelsen,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán na Cúirte, I. Ziemele, F. Schalin agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: C. Strömholm, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 6 Feabhra 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– H (ved DRC Dansk Flygtningehjælp), ag M. Melin agus C.Vester Kofoed, ag gníomhú dóibh mar chomhairleoirí, le cúnamh ó J. Goldschmidt, advokat,

* Teanga an cháis: an Danmhairgis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

– Rialtas na Danmhairge, ag D. Elkan, M. Jespersen, C.A.-S. Maertens agus J. Sandvik Loft, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus O. Duprat-Mazaré, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch, J. Schmoll agus M. Kopetzki, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hEilvéise, ag L. Lanzrein agus V. Michel, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Katsimerou, B. Schima agus C. Vang, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 8 Bealtaine 2025

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 27 agus Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31, 'Rialachán Bhaile Átha Cliath III').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir H, náisiúnach Afganastánach, agus Udlændingestyrelsen (an tSeirbhís Riaracháin Inimirce, an Danmhairg) maidir le cinneadh ó Udlændingestyrelsen é a aistriú chuig an Rómáin.

An dlí lena mbaineann

An Prótacal maidir le seasamh na Danmhairge agus an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge

3 I gcomhréir le hAirteagal 1 agus 2 de Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, níl Rialachán Bhaile Átha Cliath III ina cheangal ar Ríocht na Danmhairge.

4 Mar sin féin, faoi Airteagal 2 den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear an Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh sa Danmhairg nó in aon Bhallstát eile den Aontas Eorpach agus arna taisceadh i 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach (IO 2006 L 66, lch. 38), a formheasadh thar ceann an Chomhphobail le Cinneadh 2006/188/CE ón gComhairle an 21 Feabhra 2006 (IO 2006 L 66, lch. 37), tá feidhm ag Rialachán Bhaile Átha Cliath III maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Danmhairge.

5 Leis an gcéad mhír d'Airteagal 48 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle an 18 Feabhra 2003, lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna

dhéanamh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír (IO 2003 L 50, lch. 1) a aisghairm, i gcomhréir le hAirteagal 24, a cuireadh in ionad an Choinbhinsiúin ag socrú an Stáit is freagrach as iarratas ar thearmann a thaisctear i mBallstát de chuid na gComhphobal Eorpach a scrúdú, arna shíniú i mBaile Átha Cliath an 15 Meitheamh 1990 (IO 1997 C 254, lch. 1).

Rialachán Bhaile Átha Cliath III

6 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in aithrisí 4, 5 agus 19 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III:

‘(4) Luadh i gconclúidí Tampere chomh maith gur cheart modh soiléir agus inoibrithe a bheith ar áireamh i CEAS, sa ghearrthéarma, chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann.

(5) Ba cheart go mbeadh modh den sórt sin bunaithe ar chritéir atá oibiachtúil agus cothrom, do na Ballstáit agus do na daoine lena mbaineann araon. Ba cheart, go háirithe, é a bheith indéanta dá thairbhe a chinneadh go tapa cén Ballstát atá freagrach, d’fhonn rochtain éifeachtach ar na nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus chun nach ndéanfar dochar don chuspóir iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil go tapa.

[...]

(19) Chun cosaint éifeachtach chearta na ndaoine lena mbaineann a áirithiú, ba cheart coimircí dlíthiúla agus an ceart leigheas éifeachtach a fháil i ndáil le cinntí a bhaineann le haistrithe chuig an mBallstát atá freagrach a bhunú, i gcomhréir, go háirithe, leis na cearta a aithnítear in Airteagal 47 [den Chairt]. Chun a áirithiú go n-urramófar an dlí idirnáisiúnta, ba cheart an scrúdú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus an scrúdú ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach sa Bhallstát a n-aistrítear an t-iarratasóir chuige araon a chumhdach le leigheas éifeachtach ar chinntí den sórt sin.’

7 Foráiltear le hAirteagal 18 den Rialachán sin, dar teideal ‘Oibleagáidí an Bhallstáit atá freagrach’:

‘1. Beidh sé d’oibleagáid ar an mBallstát atá freagrach faoin Rialachán seo:

[...]

(c) náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bheidh tar éis iarratas a bhí á scrúdú a tharraingt siar agus iarratas a thaisceadh i mBallstát eile, nó atá ar chríoch Ballstáit eile ach gan doiciméad cónaithe a bheith aige, faoi na coinníollacha a leagtar síos in síos in Airteagail 23, 24, 25 agus 29;

[...]’

8 Foráiltear le hAirteagal 27 den Rialachán sin, dar teideal ‘Leigheasanna’:

‘1. Beidh an ceart ag an iarratasóir nó ag duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) chun leigheas éifeachtach a fháil, i bhfoirm achomhairc nó athbhreithnithe, maidir le fíoras agus dlí, i gcoinne an chinnidh aistrithe, os comhair cúirte nó binse.

[...]

3. Chun críocha achomharc nó athbhreithnithe i leith na gcinntí aistrithe, déanfaidh na Ballstáit foráil do na nithe seo a leanas ina ndlí náisiúnta:

(a) go dtabharfar don duine lena mbaineann an ceart chun fanacht sa Bhallstát lena mbaineann go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc nó ar an athbhreithniú; nó

(b) go ndéanfar an t-aistriú a chur ar fionraí go huathoibríoch agus go rachaidh fionraí den sórt sin in éag tar éis tréimhse réasúnta ama, agus le linn na tréimhse sin beidh cinneadh déanta ag cúirt nó binse, tar éis grinnscrúdú dlúth agus dian, i leith éifeachta fionraíochta a dheonú ar achomharc nó ar athbhreithniú; nó

(c) go mbeidh an deis ag an duine lena mbaineann a iarraidh ar chúirt nó ar bhinse, laistigh de thréimhse réasúnta ama, cur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí go dtí go mbeidh toradh ar a achomharc nó a hachomharc nó ar a athbhreithniú nó a hathbhreithniú. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheas éifeachtach i bhfeidhm tríd an aistriú a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an gcéad iarraidh ar fhionraíocht. Déanfar aon chinneadh i leith chur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí laistigh de thréimhse réasúnta ama, agus grinnscrúdú dlúth, dian ar an iarraidh fionraíochta á chumasú. I dtaca le cinneadh gan cur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí, cuirfear in iúl sa chinneadh sin na cúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe.

4. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh, ag gníomhú dóibh *ex officio*, cur chun feidhme an chinnidh aistrithe a chur ar fionraí go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc nó ar an athbhreithniú.

[...]'

9 Foráiltear le hAirteagal 29 den Rialachán céanna, dar teideal 'Ríomh na dteorainneacha ama':

'1. Déanfar aistriú an iarratasóra nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) ón mBallstát iarrthach […] chuig an mBallstát atá freagrach i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh, tar éis comhairliúchán idir na Ballstáit lena mbaineann, a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí laistigh de shé mhí tar éis do Bhallstát eile glacadh leis an iarraidh an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó an duine lena mbaineann a ghabháil ar ais nó laistigh de shé mhí ón gcinneadh críochnaitheach maidir le hachomharc nó maidir le hathbhreithniú i gcás ina mbeidh éifeacht fionraíochta ann i gcomhréir le hAirteagal 27(3).

[...]

2. I gcás nach gcuirfear an t-aistriú i gcrích laistigh den teorainn ama sé mhí, bainfear [na oibleagáidí [atá air] an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó a ghabháil ar ais den Bhallstát atá freagrach agus cuirfear freagracht ansin ar an mBallstát iarrthach. [...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

10 Is náisiúnach Afganastánach é H a tháinig isteach sa Danmhairg an 25 Aibreán 2021, áit ar thaisc sé iarratas ar chosaint idirnáisiúnta an lá céanna. De réir na faisnéise i mbunachar sonraí Eurodac, cláraíodh H cheana féin mar iarrthóir tearmainn sa Rómáin an 5 Márta 2021.

11 Dá bhrí sin, an 24 Meitheamh 2021, d'iarr an tSeirbhís Riaracháin Inimirce ar an Rómáin H a thógáil ar ais, de bhun Airteagal 18(1)(c) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

12 An 7 Iúil 2021, d'aontaigh an Rómáin H a thógáil ar ais.

13 An 19 Iúil 2021, chinn an tSeirbhís Riaracháin Inimirce H a aistriú chuig an Rómáin, de bhun Airteagal 18(1)(c) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III. An lá céanna, thug H caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Flygtningenævnet (an Coimisiún um Dhídeanaithe, an Danmhairg), an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo. Bhí éifeacht fionraíochta ag an achomharc sin, i gcomhréir le hAirteagal 27(3)(a) den Rialachán sin.

14 An 28 Feabhra 2022, chuir an Rómáin in iúl do na Ballstáit uile go gcuirfeadh sí, ón 1 Márta 2022, gach aistriú isteach faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III ar fionraí mar gheall ar an gcoinbhleacht san Úcráin agus ar an méadú ar phlódú dídeanaithe sa Rómáin isteach.

15 An 15 Márta 2022, tharchuir an chúirt a rinne an tarchur an cás chuig an tSeirbhís Riaracháin Inimirce lena athbhreithniú, go háirithe ionas go bhféadfadh sí seasamh a ghlacadh maidir le tionchar an fhógra ghinearálta ó údaráis na Rómáine, dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, ar an gcinneadh H a aistriú chuig an Rómáin.

16 An 8 Aibreán 2022, chinn an tSeirbhís Riaracháin Inimirce arís H a aistriú chuig an Rómáin, de bhun Airteagal 18(1)(c) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III. An lá céanna, thug H caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Bhí éifeacht fionraíochta ag an achomharc sin, i gcomhréir le hAirteagal 27(3)(a) den Rialachán sin.

17 An 24 Bealtaine 2022, chuir an Rómáin na Ballstáit uile ar an eolas gur cuireadh deireadh le fionraí na n-aistrithe isteach faoin Rialachán sin.

18 An 2 Nollaig 2022, dheimhnigh an chúirt a rinne an tarchur dlíthiúlacht chinneadh na Seirbhíse Riaracháin Inimirce an 8 Aibreán 2022.

19 An 2 Feabhra 2023, d'iarr H go n-athosclófaí an nós imeachta, ar an bhforas go raibh an teorainn ama 6 mhí, a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, ar laistigh di a chaithfear aistriú iarrthóra tearmainn ón mBallstát iarrthach chuig an mBallstát atá freagrach a chur i gcrích, imithe in éag cheana féin ar an dáta a rinne an tSeirbhís Riaracháin Inimirce an dara cinneadh aistrithe an 8 Aibreán 2022. Dá bhrí sin, dar leis, bhí Ríocht na Danmhairge freagrach anois as scrúdú a dhéanamh ar shubstaint a iarratais ar thearmann, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) den Rialachán sin.

20 Tar éis na himeachtaí a athoscailt, dheimhnigh an chúirt a rinne an tarchur bailíocht chinneadh an tSeirbhís Riaracháin Inimirce an 8 Aibreán 2022. Bhí sí den tuairim nár thosaigh an tréimhse 6 mhí sin go dtí gur tugadh a cinneadh críochnaitheach an 2 Nollaig 2022.

21 Arna iarraidh sin do DRC Dansk Flygtningehjælp (Comhairle Dídeanaithe na Danmhairge, an Danmhairg), chinn an chúirt a rinne an tarchur an nós imeachta a athoscailt arís, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar léiriú na rialacha a bhaineann leis an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 27 de.

22 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, cé go bhforáiltear leis na forálacha sin go gcaithfear iarrthóir tearmainn a aistriú laistigh de 6 mhí ón gcinneadh críochnaitheach maidir leis an achomharc nó leis an athbhreithniú i gcás ina ndeonaítear éifeacht fionraíochta, nach bhfuil rialacha iontu, áfach, lena rialaítear go sainráite an cás ina gcinneann an t-údarás breithiúnach an cás a tharchur ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil lena athbhreithniú. Dar léi, is dócha go gcuideodh tarchur den sórt sin le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, a mhéid a thugann sé deis dóibh tairbhe a bhaint as scrúdú nua ar an gcás ar dhá leibhéal.

23 Sa chomhthéacs sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, go bhféadfar cinneadh aistrithe a chur ar neamhní agus a tharchur ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil lena athbhreithniú, i gcás inar cuireadh faisnéis thábhachtach nua a bhaineann leis an gcinneadh sin in iúl don chúirt nó don bhinse ar tugadh na himeachtaí os a comhair nó os a chomhair. Sa chás seo, bhí údar leis an tarchur sin mar gheall ar imthosca seachtracha agus neamh-intuartha a bhain leis an bhfíoras, tar éis dó glacadh leis an aistriú, gur chuir an Ballstát atá freagrach aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III ar fionraí go ginearálta mar gheall ar an gcoinbhleacht san Úcráin agus ar phlódú dídeanaithe sa tír isteach.

24 Sna himthosca sin, chinn an Flygtningenævnet (an Coimisiún um Dhídeanaithe) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An bhfuil na forálacha [ríomh na dteorainneacha ama] in Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III le léiriú sa chaoi go rithfidh an teorainn ama [6] mhí a leagtar síos sa dara páirt d'Airteagal 29(1) den Rialachán sin ón gcinneadh substainteach deireanach sa chás, i gcás inar chuir an comhlacht achomhairc sa Bhallstát Iarrthach, dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, an cás aistrithe ar ais chuig an údarás inniúil ag an gcéad chéim, agus a rinne, ina dhiaidh sin, cinneadh aistrithe nua níos mó ná [6] mhí tar éis an ghlactha ón mBallstát atá freagrach [é a ghabháil ar ais], lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an tarchur bunaithe ar an fhíoras gur chinn an Ballstát atá freagrach, a ghlac leis an aistriú ar dtús, ina dhiaidh sin na haistrithe go léir a chur ar fionraí faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III, agus i gcás inar tugadh éifeacht fionraíochta maidir leis an duine lena mbaineann a aistriú?'

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

25 Ina hiarraidh ar réamhrialú, d'iarr an Flygtningenævnet (an Coimisiún um Dhídeanaithe) ar an gCúirt déileáil leis an gcás seo faoin nós imeachta brostaithe dá bhforáiltear in Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

26 An 15 Nollaig 2023, chinn Uachtarán na Cúirte, tar éis an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, diúltú don iarraidh sin.

27 An 27 Samhain 2023, sheol an Chúirt iarraidh ar shoiléiriú chuig Flygtningenævnet (an Coimisiún um Dhídeanaithe), inar iarradh air soiléiriú a thabhairt i dtaobh an 'cúirt nó binse', a bhí ann de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

28 An 8 Eanáir 2024, thug Flygtningenævnet (an Coimisiún um Dhídeanaithe) freagra ar an iarraidh sin.

An cheist a tharchuirtear

29 Lena ceist aonair, féachann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, lena fháil amach an gá míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 29 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III a léiriú sa chaoi, i gcás ina dtugann cúirt náisiúnta, a éisteann caingean le haghaidh neamhniú a bhfuil éifeacht fionraíochta léi, rialú críochnaitheach ar dhlíthiúlacht shubstainteach an dara cinneadh aistrithe, arna ghlacadh tar éis an chéad chinnidh aistrithe maidir leis an duine céanna a neamhniú ar an bhforas amháin gur athraíodh imthosca atá cinntitheach maidir le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin sin as a dtiocfaidh tarchur ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil, go dtosóidh an tréimhse aistrithe 6 mhí a leagtar síos in Airteagal 29(1) den Rialachán sin

– ar an dáta a ndearnadh cinneadh críochnaitheach maidir le dlíthiúlacht shubstainteach an dara cinneadh aistrithe sin, nó

– an dáta a cuireadh an chéad chinneadh aistrithe ar neamhní.

30 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le cé acu den dá chinneadh arna nglacadh ag an gcúirt náisiúnta atá cinntitheach chun an teorainn ama aistrithe 6 mhí a chur i bhfeidhm faoin dara cás dá bhforáiltear in Airteagal 29(1) den Rialachán céanna. Maíonn H, go bunúsach, go bhfuil an dara cás sin tagtha chun bheith neamh-infheidhme sa chás sna príomhimeachtaí. Measann sé, tar éis gur cuireadh an chéad chinneadh aistrithe ar neamhní, gur rith an teorainn ama aistrithe, arís, i gcomhréir leis an gcéad chás dá bhforáiltear san fhoráil sin, ón dáta a chomhaontaigh an Rómáin é a ghabháil ar ais, eadhon an 7 Iúil 2021.

31 Ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go bhforáiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III go ndéanfar an duine lena mbaineann a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh, a luaithe is féidir go praiticiúil, agus ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí tar éis do Bhallstát eile glacadh leis an iarraidh ar ghabháil ar láimh nó an iarraidh ar ghabháil ar ais nó laistigh de 6 mhí ón gcinneadh críochnaitheach maidir le hachomharc i gcás ina bhfuil éifeacht fionraíochta ann i gcomhréir le hAirteagal 27(3) den Rialachán sin.

32 Leanann sé ó fhoclaíocht na chéad fhomhíre d'Airteagal 29(1) den Rialachán sin, agus go háirithe ó úsáid an chónaisc 'nó', atá i gcodarsnacht le 'glacadh' Ballstáit eile, ar thaobh amháin, leis an 'gcinneadh críochnaitheach' ar an achomharc nó ar an athbhreithniú, ar an taobh eile, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 34 dá Thuairim, gurb ionann an dá thráth dá dtagraítear san fhoráil sin, ónar féidir tús a chur leis an tréimhse aistrithe 6 mhí, agus dhá chás atá comheisiatach ar a chéile.

33 Ina theannta sin, maidir leis an dara cás, tagraíonn an fhoráil sin don tráth a tháinig an cinneadh maidir le hachomharc i gcoinne cinneadh aistrithe chun bheith críochnaitheach, gan idirdhealú a dhéanamh, áfach, ar bhonn an toraidh ar tháinig an t-údarás breithiúnach air ina chinneadh maidir leis an achomharc. Go háirithe, ní léir ar bhealach ar bith ó fhoclaíocht na forála sin go mbeadh an dara cás neamh-infheidhme i gcás ina gcuirfeadh an t-údarás breithiúnach an cinneadh aistrithe ar neamhní.

34 Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil cinneadh aistrithe faoi réir achomharc le héifeacht fionraíochta faoi Airteagal 27(3) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, leanann sé ón gcéad fhomhír d'Airteagal 29(1) den Rialachán sin nach leanann an tréimhse aistrithe 6 mhí ó ghlacadh leis an

iarraidh ar ghabháil ar láimh nó an iarraidh ar ghabháil ar ais, ach, de mhaolú air sin, ón gcinneadh críochnaitheach ar an achomharc a rinneadh i gcoinne an chinnidh aistrithe. Sa chás sin, ní thosóidh an teorainn ama sin, dá bhrí sin, ach amháin ón tráth a bheidh an cinneadh breithiúnach maidir leis an achomharc i gcoinne an chinnidh aistrithe críochnaitheach, tar éis gach leigheas dlí dá bhforáiltear le dlíchóras an Bhallstáit lena mbaineann a bheith ídithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Márta 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Fionraí na tréimhse aistrithe ar achomharc)*, C-556/21, EU:C:2023:272, míreanna 23 agus 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Ina dhiaidh sin, ba cheart a mheabhrú gur féidir comhionannas arm agus éifeachtacht na nósanna imeachta achomhairc a áirithiú trí ríomh na teorann ama aistrithe a chur siar go dtí toradh an achomhairc i gcoinne an chinnidh aistrithe, trína áirithiú nach rachaidh an teorainn ama sin in éag cé gur fágadh cur chun feidhme an chinnidh aistrithe dodhéanta trí achomharc a thaisceadh a bhfuil éifeacht fionraíochta aige i gcoinne an chinnidh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Márta 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Fionraí na tréimhse aistrithe ar achomharc)*, C-556/21, EU:C:2023:272, mír 35).

36 Leis an léiriú arna agairt ag H, d'fhéadfaí amhras a chaitheamh ar chomhionannas arm agus ar éifeachtacht na nósanna imeachta athbhreithnithe a bhféachtar lena áirithiú leis an dara cás dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III. A mhéid, de réir an léirithe sin, a chiallódh neamhniú an chinnidh aistrithe ag an údarás breithiúnach go dtosódh an teorainn ama aistrithe as an nua tar éis don Bhallstát atá freagrach glacadh le gabháil ar ais, d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh sonrach air go rachadh an teorainn ama aistrithe 6 mhí in éag, de réir mar a bheidh, tráth a mbeidh cur chun feidhme an chinnidh sin dodhéanta le caingean le haghaidh neamhniú a bhfuil éifeacht fionraíochta aici. B'amhlaidh an cás, go háirithe, sa chás sna príomhimeachtaí, ós rud é, de réir an léirithe sin, go raibh an tréimhse sin imithe in éag cheana féin an 7 Feabhra 2022, an dáta a bhí an chaingean le haghaidh neamhniú i gcoinne an chéad chinnidh aistrithe fós ar feitheamh.

37 Ar deireadh, murab ionann agus an méid a mhaíonn H, ní léir ar bhealach ar bith ón gcásdlí a eascraíonn as breithiúnas an 30 Márta 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Fionraí na tréimhse aistrithe ar achomharc)* (C-556/21, EU:C:2023:272), go bhfuil neamhniú an chinnidh aistrithe, tar éis na caingne le haghaidh neamhniú a bhfuil éifeacht fionraíochta aici, de chineál a fhágann nach bhfuil feidhm ag an dara cás dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

38 I ndáil leis sin, is fíor gur thug an Chúirt dá haire, i mír 29 den bhreithiúnas sin, i gcás inar cuireadh an cinneadh aistrithe ar neamhní ag an gcéad chéim, nach bhfuil cinneadh aistrithe ann a thuilleadh a bhféadfaí a chur chun feidhme a chur ar fionraí i gcomhthéacs caingean ag an dara céim. Mar sin féin, tá difríocht shuntasach idir an cás as ar eascair an breithiúnas sin agus an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí. Is léir ó mhíreanna 29 agus 39 den bhreithiúnas sin gur thug an Chúirt rialú ar an bhféidearthacht bearta eatramhacha a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 27(4) den Rialachán sin i gcomhthéacs caingean ag an gcéad chéim, i gcás nach raibh éifeacht fionraíochta ag an gcaingean ag an gcéad chéim. Os a choinne sin, sa chás seo, thionscain H dhá chaingean le haghaidh neamhniú i gcoinne an dá chinneadh aistrithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, a raibh éifeacht fionraíochta ag an dá cheann acu chun cosc a chur ar an gcéad chás dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 29(1) den Rialachán sin i bhfabhar an dara rogha mar mhalairt uirthi sin, eadhon an chaingean i gcoinne an chinnidh aistrithe tosaigh agus, tar éis a neamhnithe, an chaingean a tionscnaíodh i gcoinne an dara cinneadh aistrithe.

39 É sin ráite, is gá scrúdú a dhéanamh ar an gceist a tharchuirtear maidir le cur i bhfeidhm an dara cás dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

40 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, chun an t-am óna dtosaíonn an tréimhse aistrithe 6 mhí a chinneadh, go bhfuil an fhoráil sin teoranta, maidir leis an dara cás, do thagairt a dhéanamh don chinneadh críochnaitheach ar an achomharc i gcás ina ndeonaítear éifeacht fionraíochta.

41 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 40 dá Thuairim, ní leagtar síos leis an bhforáil sin, dá bhrí sin, rialacha sonracha maidir le ríomh na teorann ama sin, i gcás ina ndearna an t-údarás breithiúnach, tar éis dó an chéad chinneadh aistrithe a chur ar neamhní agus tar éis an t-ábhar a tharchur ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil lena athbhreithniú, ar an bhforas amháin gur tháinig athrú ar na himthosca atá cinntitheach maidir le cur i bhfeidhm ceart Rialachán Bhaile Átha Cliath III a tharla ó glacadh an cinneadh sin, rialacha maidir le dlíthiúlacht an dara cinneadh aistrithe a glacadh i leith an duine chéanna, tar éis an neamhnithe sin agus an tarchuir sin.

42 Ar an dara dul síos, faoi Airteagal 27(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III chun leigheas éifeachtach a fháil, i bhfoirm achomhairc nó athbhreithnithe, maidir le fíoras agus dlí, i gcoinne an chinnidh aistrithe, os comhair cúirte nó binse.

43 I ndáil leis sin, is léir ón dara habairt d'aithris 19 den Rialachán sin, chun a áirithiú go n-urramófar an dlí idirnáisiúnta, caithfidh go gcumhdóidh leigheas éifeachtach in aghaidh na gcinntí sin scrúdú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus scrúdú ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach sa Bhallstát a n-aistrítear an t-iarratasóir chuige. Dá bhrí sin, le hAirteagal 27(1) den Rialachán sin, arna léamh i bhfianaise na haithrise sin, tugtar an ceart don duine lena mbaineann athbhreithniú breithiúnach a fháil ar dhlíthiúlacht an chinnidh aistrithe.

44 I bhfianaise an naisc atá ann, i gcomhthéacs an chórais a bunaíodh le Rialachán Bhaile Átha Cliath III, idir leigheasanna dlí a bhunú a bhfuil éifeacht fionraíochta acu, de bhun Airteagal 27(1) agus (3) den Rialachán sin, agus an teorainn ama aistrithe a leagtar síos sa dara rogha den chéad fhomhír d'Airteagal 29(1) den Rialachán sin a chur siar, chinn an Chúirt cheana féin nár cheart go rithfeadh an teorainn ama aistrithe sin ó dháta an chinnidh bhreithiúnaigh shealadaigh lena gcuirtear cur chun feidhme an nós imeachta aistrithe ar fionraí, ach ó dháta an chinnidh bhreithiúnaigh lena rialaítear tuillteanais an nós imeachta sin agus nach bhféadfadh bac a chur ar an gcur chun feidhme sin a thuilleadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Eanáir 2009, *Petrosian*, C-19/08, EU:C:2009:41, míreanna 46 agus 50).

45 I ndáil leis sin, is fíor go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta, ar dá réir, i gcás imthosca nua atá cinntitheach chun Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur i bhfeidhm i gceart, go gcuirfeadh an t-údarás breithiúnach an cinneadh aistrithe ar neamhní agus go dtarchuirfeadh sé an t-ábhar ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil lena athbhreithniú, go bhféadfadh dhá chinneadh aistrithe ar leithligh agus dhá achomharc ar leithligh a bheith ann. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann an dá chinneadh chomhleanúnacha sin le haistriú an iarratasóra chéanna ar chosaint idirnáisiúnta tar éis don Bhallstát atá freagrach glacadh lena ghabháil ar ais, is cosúil, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 44 dá Thuairim, gur cuid de nós imeachta aonair iad na cinntí sin.

46 I gcomhthéacs nós imeachta aonair den sórt sin, ní mór an cinneadh lena gcuireann an t-údarás breithiúnach an chéad chinneadh aistrithe ar neamhní ar an aon fhoras amháin go n-athraítear imthosca atá cinntitheach chun Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur i bhfeidhm i gceart agus a dhéanann tarchur le haghaidh athbhreithniú den sórt sin a mheas mar chinneadh eatramhach lena gceadaítear don údarás riaracháin inniúil measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na himthosca nua sin ar aistriú an duine lena mbaineann, gan deireadh cinntitheach a chur leis an nós imeachta a bhaineann leis an aistriú sin, áfach.

47 Ar an tríú dul síos, cé gur léir ó Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais forfheidhmiú tapa cinntí aistrithe a chur chun cinn, is amhlaidh fós nach raibh sé beartaithe aige cosaint bhreithiúnach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a íobairt don cheanglas go ndéanfaí a n-iarratais a phróiseáil go tapa, agus gur foráladh leis, chun an chosaint sin a áirithiú, go bhféadfaí forfheidhmiú na gcinntí sin a chur ar fionraí, i gcásanna áirithe (breithiúnais an 29 Eanáir 2009, *Petrosian*, C-19/08, EU:C:2009:41, mír 48, agus an 30 Márta 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid* (Fionraí na tréimhse aistrithe ar achomharc), C-556/21, EU:C:2023:272, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, ní mór na forálacha sin a léiriú i bhfianaise an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt.

48 Ina theannta sin, is cásdlí socair é, cé gur faoin dlíchóras náisiúnta atá sé, in éagmais rialacha an Aontais lena rialaítear an t-ábhar, i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát agus faoi réir chomhlíonadh phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta, na rialacha nós imeachta mionsonraithe a leagan síos lena rialaítear caingne chun cearta aonair a eascraíonn as dlíchóras an Aontais a chosaint, go bhfuil na Ballstáit freagrach, mar sin féin, as a áirithiú, i ngach cás, go n-urramófar an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil ar na cearta sin mar a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt (féach, de réir analaí, maidir leis an gceart chun leigheas a fháil a ráthaítear in Airteagal 46 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60), breithiúnas an 3 Iúil 2025, *Al Nasiria*, C-610/23, EU:C:2025:514, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Níor chomhchuibhigh reachtas an Aontais, in Airteagal 27 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, ach cuid de na rialacha nós imeachta lena rialaítear achomharc i gcoinne cinneadh aistrithe nó athbhreithniú, i bhfíoras agus i ndlí, ar an gcinneadh sin os comhair cúirte nó binse nach mór a bheith ar fáil don duine lena mbaineann. Go háirithe, níor shonraigh sé san Airteagal sin an gceanglaítear ar an gcúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair i gcomhthéacs na caingne sin na himthosca tar éis ghlacadh an chinnidh sin a chur san áireamh agus conas a cheanglaítear uirthi iad a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *État belge (Imthosca tar éis cinneadh aistrithe)*, C-194/19, EU:C:2021:270, míreanna 38 agus 40).

50 Dá bhrí sin, maidir leis na himthosca tar éis cinneadh aistrithe a ghlacadh a chur san áireamh, ní mór do gach Ballstát atá faoi cheangal ag Rialachán Bhaile Átha Cliath III a dhlí náisiúnta a eagrú ar bhealach a chuirfeadh ar chumas iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a gceart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú, mar a ráthaítear le hAirteagal 47 agus mar a chuirtear in iúl go sonrach le hAirteagal 27 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, arna léamh i gcomhar le haithris 19 de (féach, de réir analaí, breithiúnas an 3 Iúil 2025, *Al Nasiria*, C-610/23, EU:C:2025:514, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, gur chinn an Chúirt, i mír 49 de bhreithiúnas an 15 Aibreán 2021, *État belge (Imthosca tar éis cinneadh aistrithe)* (C-194/19, EU:C:2021:270), go gcuirtear cosc leis na forálacha sin ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear nach bhféadfaidh an chúirt a éisteann caingean chun cinneadh aistrithe a chur ar neamhní, agus scrúdú á dhéanamh aici ar an gcaingean sin, imthosca a chur san áireamh tar éis an cinneadh sin a ghlacadh atá cinntitheach chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm i gceart, mura bhforáiltear leis an reachtaíocht sin do leigheas sonrach lena mbaineann scrúdú *ex nunc* ar staid an duine lena mbaineann, a bhfuil a thorthaí ceangailteach ar na húdaráis inniúla, a fhéadfar a fheidhmiú tar éis imthosca den sórt sin a bheith ann. Mar is léir ó mhír 47 den bhreithiúnas sin, áirítear ar imthosca cinntitheacha den sórt sin na himthosca sin lena gcuirtear cosc ar chur chun feidhme an chinnidh aistrithe chuig Ballstát seachas an Ballstát iarrthach nó lena mbaineann freagracht an Bhallstáit iarrthaigh.

52 Tá feidhm *mutatis mutandis* ag an gcásdlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo maidir le reachtaíocht náisiúnta faoina ndéanann an t-údarás breithiúnach, i gcás faisnéis nua a bhaineann le himthosca den sórt sin, an cinneadh aistrithe a neamhniú agus an t-ábhar a tharchur ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil lena athbhreithniú ionas go bhféadfaidh an t-údarás sin an fhaisnéis sin a chur san áireamh. Sna himthosca sin, ní féidir cinneadh den sórt sin maidir le neamhniú agus tarchur chun críocha athbhreithniú den sórt sin a bheith ina chinneadh críochnaitheach ar an achomharc, de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

53 Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt, ag féachaint don chuspóir dá dtagraítear in aithris 19 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III maidir le cosaint éifeachtach na ndaoine lena mbaineann a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt, agus don chuspóir a bhaineann le cinneadh tapa a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil a leagtar amach in aithris 5 den Rialachán sin, nach mór don iarratasóir a bheith in ann leigheas éifeachtach tapa a fháil a chuirfidh ar a chumas brath ar imthosca tar éis ghlacadh an chinnidh aistrithe, i gcás ina bhfuil cur san áireamh na n-imthosca sin cinntitheach chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm i gceart. Comhlíonann sé, go háirithe, an oibleagáid sin foráil a dhéanamh maidir le leigheas tapa agus éifeachtach, ós rud é go gceadaítear leis an reachtaíocht náisiúnta d'iarratasóir brath ar imthosca den sórt sin i gcaingean arna tabhairt i gcoinne cinneadh aistrithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *État belge (Imthosca tar éis cinneadh aistrithe)*, C-194/19, EU:C:2021:270, míreanna 35 agus 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Ós rud é go bhforáiltear leis an reachtaíocht náisiúnta, tar éis don údarás breithiúnach an cinneadh aistrithe tosaigh a chur ar neamhní agus tar éis an tarchur le haghaidh athbhreithniú chuig an údarás riaracháin inniúil, gur faoin údarás riaracháin sin atá sé athscrúdú a dhéanamh ar aistriú an duine lena mbaineann i bhfianaise na n-imthosca a thagann i ndiaidh an chinnidh sin, ní chuirtear bac, i bprionsabal, ar chomhlíonadh na hoibleagáide foráil a dhéanamh maidir le leigheas tapa agus éifeachtach. Glactar leis, áfach, chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 54 dá Thuairim, go bhfuil an dlí náisiúnta leagtha amach sa chaoi go ndéanfaidh an t-údarás riaracháin inniúil an t-athbhreithniú a cheanglaítear amhlaidh gan moill mhíchuí agus go ndéanfaidh an t-údarás breithiúnach ar tugadh na himeachtaí os a chomhair cinneadh laistigh de thréimhse ghearr ama (féach, de réir analaí, maidir leis an gceart chun leigheas a fháil a ráthaítear in Airteagal 46 de Threoir 2013/32, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Alheto*, C-585/16, EU:C:2018:584, mír 148).

55 In aon chás, ní féidir le fad na n-imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha a bhaineann le haistriú an duine lena mbaineann, ina iomláine, dul thar a bhfuil riachtanach i bhfianaise na gcríoch ar chucu a tionscnaíodh iad.

56 Go háirithe, ní féidir le reachtaíocht náisiúnta den sórt sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 55 dá Thuairim, cead a thabhairt d'údaráis an Bhallstáit iarrthaigh a bhfreagracht a sheachaint tríd an gcás a tharchur ar ais arís agus arís eile chuig an údarás riaracháin inniúil lena athbhreithniú, gan cinneadh a dhéanamh riamh maidir leis an nós imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú. D'fhéadfadh reachtaíocht den sórt sin dochar a dhéanamh don chuspóir iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil go tapa, dá dtagraítear in aithris 5 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, lena ráthaítear rochtain éifeachtach ar na nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh reachtaíocht den sórt sin amhras a chaitheamh ar éifeachtacht na cosanta breithiúnaí, mar a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt agus in Airteagal 27 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, arna léamh i gcomhar le haithris 19 de.

57 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú freisin go rannchuidíonn an teorainn ama aistrithe a leagtar síos in Airteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, go cinntitheach, leis an gcuspóir a bhaint amach maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil go tapa, dá dtagraítear in aithris 5 den Rialachán sin, trína áirithiú go gcuirfear na nósanna imeachta um ghabháil ar láimh agus um ghabháil ar ais i gcrích gan moill mhíchuí. Léiríonn an teorainn ama éigeantach sin agus, go háirithe, an riail a leagtar síos in Airteagal 29(2) den Rialachán sin, de réir reachtas an Aontais, nach mór do Bhallstát seachas an Ballstát a ainmnítear mar Bhallstát atá freagrach, i gcás inarb iomchuí, na hiarratais sin a scrúdú de réir na gcritéar a leagtar amach i gCaibidil III den Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Samhain 2018, *X agus X*, C-47/17 agus C-48/17, EU:C:2018:900, míreanna 69 agus 70).

58 Sa chás seo, is léir ón bhfaisnéis san iarraidh ar réamhrialú gur ghlac an tSeirbhís Riaracháin Inimirce an dara cinneadh aistrithe i leith H an 8 Aibreán 2022, is é sin le rá, níos lú ná 4 seachtaine tar éis neamhniú an chéad chinnidh aistrithe agus an tarchur ar ais chuig an údarás sin le haghaidh athbhreithniú an 15 Márta den bhliain sin. Is cosúil, dá bhrí sin, faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, go ndearna an an tSeirbhís Riaracháin Inimirce an t-athbhreithniú is gá gan moill mhíchuí.

59 Ina theannta sin, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 54 agus 55 den bhreithiúnas seo, is faoin gcúirt sin atá sé a fháil amach, i bhfianaise imthosca ábhartha uile an cháis sna príomhimeachtaí, ar an gcéad dul síos, an féidir a mheas, tríd an gcaingean le haghaidh neamhniú an dara cinneadh aistrithe a dhíbhe an 8 Nollaig 2022, gur rialaigh sí ar an gcaingean sin laistigh de thréimhse ghearr, cé gur tugadh an chaingean sin os a comhair beagnach 8 mí roimhe sin agus, ón 24 Bealtaine 2022, gur chuir an Rómáin na Ballstáit uile ar an eolas gur cuireadh deireadh le fionraí na n-aistrithe isteach faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Ar an dara dul síos, ní mór di a fháil amach an ndeachaigh fad an nós imeachta a bhaineann le haistriú H, arb ionann é agus beagnach 17 mhí ó ghlac an Rómáin, an 7 Iúil 2021, le gabháil ar ais an iarratasóra sin, ina iomláine, thar a raibh riachtanach i bhfianaise na gcuspóirí dár tionscnaíodh é.

60 É sin ráite, dá gcinnfeadh an chúirt a rinne an tarchur nár cuireadh an nós imeachta um ghabháil ar ais i gcrích gan moill mhíchuí, bheadh ar Bhallstát seachas an Ballstát a ainmnítear mar Bhallstát atá freagrach scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta faoi na critéir a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

61 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III a léiriú sa chaoi, i gcás ina dtugann cúirt náisiúnta, a éisteann caingean le haghaidh neamhniú a bhfuil éifeacht fionraíochta léi, rialú críochnaitheach ar dhlíthiúlacht shubstainteach an dara cinneadh aistrithe, arna ghlacadh tar éis gur cuireadh an chéad chinnidh aistrithe maidir leis an duine céanna ar neamhní ar an bhforas amháin go bhfuil athrú tagtha ar imthosca atá cinntitheach maidir le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin sin as a dtiocfaidh tarchur ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil, go dtosóidh an tréimhse aistrithe 6 mhí a leagtar síos in Airteagal 29(1) den Rialachán sin ón dáta a tugadh rialú críochnaitheach ar dhlíthiúlacht shubstainteach an dara cinneadh sin.

D'fhonn a áirithiú nach dtéann fad an nós imeachta maidir le haistriú an duine lena mbaineann, ina iomláine, thar a bhfuil riachtanach i bhfianaise na gcuspóirí dár tionscnaíodh é, ní mór an dara cinneadh aistrithe sin agus an cinneadh críochnaitheach maidir leis an gcaingean le haghaidh neamhniú a tionscnaíodh ina choinne a ghlacadh laistigh de thréimhse ghearr.

Costais

62 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát,

i gcás ina dtugann cúirt náisiúnta, a éisteann caingean le haghaidh neamhniú a bhfuil éifeacht fionraíochta léi, rialú críochnaitheach ar dhlíthiúlacht shubstainteach an dara cinneadh aistrithe, arna ghlacadh tar éis gur cuireadh an chéad chinnidh aistrithe maidir leis an duine céanna ar neamhní ar an bhforas amháin go bhfuil athrú tagtha ar imthosca atá cinntitheach maidir le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin sin as a dtiocfaidh tarchur ar ais chuig an údarás riaracháin inniúil, tosóidh an tréimhse aistrithe 6 mhí a leagtar síos in Airteagal 29(1) den Rialachán sin ón dáta a tugadh rialú críochnaitheach ar dhlíthiúlacht shubstainteach an dara cinneadh sin.

D'fhonn a áirithiú nach dtéann fad an nós imeachta maidir le haistriú an duine lena mbaineann, ina iomláine, thar a bhfuil riachtanach i bhfianaise na gcuspóirí dár tionscnaíodh é, ní mór an dara cinneadh aistrithe sin agus an cinneadh críochnaitheach maidir leis an gcaingean le haghaidh neamhniú a tionscnaíodh ina choinne a ghlacadh laistigh de thréimhse ghearr.

Sínithe